

Clár

| | | |
|-----|--|----|
| 1. | Cad is Pinsean na nDall ann? | 3 |
| 2. | Conas a cháilítear? | 3 |
| 3. | Conas a léireoidh mé go bhfuilim dall nó faoi lagú amhairc? | 4 |
| 4. | Cad í an tástáil acmhainne? | 4 |
| 5. | Conas a mheasúnaítear caipiteal? | 7 |
| 6. | Cé mhéid is féidir a fháil? | 9 |
| 7. | Cad iad na méaduithe eile a fhéadfar a fháil? | 11 |
| 8. | Conas a fhaightear an íocaíocht? | 11 |
| 9. | Cad iad na sochair eile a fhéadfar a fháil? | 12 |
| 10. | Cá fhad a mhaireann an íocaíocht? | 12 |
| 11. | Cad a tharlaíonn má fhágtar nó má dhíoltar an baile cónaithe? | 13 |
| 12. | Cathain agus conas a dhéantar iarratas ar Phinsean na nDall? | 14 |
| 13. | An féidir aon íocaíocht leasa shóisialaigh eile a fháil in éineacht le Pinsean na nDall? | 16 |
| 14. | An dtéitear i bhfeidhm ar an íocaíocht má théitear chun cónaí lasmuigh den Stát? | 17 |
| 15. | An leanfar den íocaíocht tar éis bháis? | 18 |
| 16. | Cad iad na tacaí fostaíochta nó oideachais a fhéadfar a fháil? | 19 |
| 17. | Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil? | 21 |

Eanáir 2013

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach ar leathanach 21 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní léirmhíniú dleathach atá ann.

1. Cad is Pinsean na nDall ann?

Íocaíocht de réir tástála acmhainne is ea Pinsean na nDall do dhaoine dalla agus do dhaoine áirithe a bhfuil lagú amhairc orthu.

Tabhair faoi deara

Má tá gá agat le cúram agus aire lánaimseartha, is féidir go gcáileoidh an duine a thabharfaidh aire duit do Liúntas Cúramóra nó do Shochar Cúramóra.

B'fhéidir go bhféadfaí leath an ráta den Liúntas Cúramóra a fháil mar aon le Pinsean na nDall a fháil de do cheart féin nó dá mbeadh méadú um dhuine fásta cáilithe á fháil duit ag duine éigin eile.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

2. Conas a cháilítear?

Is féidir go gcáileoidh tú, má tá tú dall nó faoi lagú amhairc agus:

- má chomhlíonann tú an Coinníoll Gnáthchónaithe*,
- má chónaíonn tú sa Stát le linn duit an pinsean seo a fháil,
- má tá tú os cionn 18 mbliana d'aois agus faoi bhun 66 bliana d'aois,
- má tá Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP) bhailí agat, agus
- má chomhlíonann tú tástáil acmhainne.

* Is éard atá sa Choinníoll Gnáthchónaithe ná coinníoll nach mór duit a chomhlíonadh chun cáiliú d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe agus don Sochar Linbh. Tháinig an coinníoll seo i bhfeidhm ón 1 Bealtaine 2004 agus baineann sé le gach iarratasóir is cuma faoina náisiúntacht.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

3. Conas a léireoidh mé go bhfuilim dall nó faoi lagú amhairc?

Íocfar an pinsean má tá an Roinn sásta go bhfuil an oiread sin dochair déanta do radharc do shúl nach bhfuil tú in ann tabhairt faoi aon obair dá bhfuil radharc na súl bunriachtanach nó nach bhfuil tú ina ann leanúint de do ghnáthghairm bheatha mar gheall ar dhrochradharc.

Má tá tú cláraithe mar dhuine dall le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill (CNÉD), is gnách go nglactar leis an gclárú seo mar rud a chomhlíonann coinníoll daille na scéime pinsin. Mura bhfuil tú cláraithe le CNÉD, áfach, ní mór duit tuairisc mhíochaine ó mháinlia oftalmach nó ó optaiméadraí a thíolacadh don Roinn. Cuirfidh an Roinn foirm ar fáil duit chun na críche seo.

In aon chás ina n-eascaíonn amhras maidir le comhlíonadh choinníoll daille na scéime, tabharfaidh Príomhchomhairleoir Míochaine na Roinne breithiúnas ar an ngnó.

4. Cad í an tástáil acmhainne?

Is éard atá sa tástáil acmhainne ná caoi ar dhearbháil má tá do dhóthain acmhainne agat chun soláthar duit féin agus cé mhéid airgid, má thugtar aon airgead, a bhféadfadh tú cáiliú dó. Is ionann d'acmhainn agus aon ioncam ar leatsa é nó ar le do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir é agus maoin (seachas do bhaile cónaithe féin) nó sócmhainn a d'fhéadfadh ioncam a chur ar fáil duit.

Ní mór duit an fhoirm iarratais a líonadh go hiomlán ionas gur féidir linn d'acmhainn a ríomh. Ní mór duit na sonraí go léir de d'acmhainn, agus d'acmhainn do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora i gcás inar cúí sin, a thabhairt. Ba chóir duit na cáipéisí riachtanacha go léir, mar ráitis bhainc, sonraí de do thuilleamh uile nó duillíní

pinsin eile, a chur le d'iarratas. Má chuireann tú foirm iarratais neamhiomlán isteach nó mura gcuireann tú na cáipéisí riachtanacha ar fáil chun tacú le d'iarratas, is féidir go gcuirfear moill ar d'iarratas nó is féidir go ndiúltófar d'iarratas.

Is féidir go seolfar d'iarratas chuig Cigire Leasa Shóisialaigh áitiúil i gcomhair imscrúdaithe agus agallaimh.

Cad a áirítear mar acmhainn?

Is iad seo na príomhrudaí a áirítear mar acmhainn:

- aon ioncam ó fhostaíocht athshlánúcháin amháin os cionn €120 sa tseachtain (ní mór duit fianaise mhíochaine a chur chugainn ó do Liachleachtóir Ginearálta a luafaidh gur obair athshlánúcháin í roimh duit an obair seo a thosú),
- ioncam ar leatsa é nó ar le do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir é,
- luach cibé infheistíochtaí, coigiltis nó scaireanna atá agat,
- luach cibé maoin, **seachas** do bhaile cónaithe féin,
- cothabháil a íoctar leat,
- ioncam ó fhostaíocht nó ó fhéinfhostaíocht,
- ioncam ó bhreacfhostaíocht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte mar chúntóir baile.

Má tá tú pósta, i bpáirtneireacht shibhialta nó ag comhchónaí, cuirfimid acmhainn do chéile, do pháirtneara shibhialta nó do chomhchónaitheora san áireamh ó thaobh na tástála acmhainne.

Más úinéir talún feirme thú nó má tá talamh feirme ar léas agat, measúnóimid mar acmhainn luach bliantúil cibé ioncaim a fhaigheann tú nó do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir ón bhfeirm sin. Áireoimid an luach bliantúil trí na costais riachtanacha a bhaint as an ollioncam.

Má choinníonn tú nó do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir ioncam nó maoin (agus airgead san áireamh) uaibh féin chun cáiliú do Phinsean na nDall nó chun

cáiliú do ráta níos airde den phinsean seo, cuirfimid an t-ioncam nó an mhaoin sin san áireamh ó thaobh na tástála acmhainne. B'fhéidir nach mbeadh feidhm aige seo i gcás socraíochtaí teaghlaigh áirithe lena ngabhadh aistriú úinéireachta feirme, áfach.

Tabhair faoi deara

Má tá tú pósta, i bpáirtnéireacht shibhialta no ag comhchónaí, ríomhfar d'acmhainn mar leath na comhacmhainne atá agat féin agus ag do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir.

Cad nach n-áirítear mar acmhainn?

Is iad seo a leanas **roinnt** de na príomhrudaí nach n-áirítear mar acmhainn:

- An chéad €120 sa tseachtain ó fhostaíocht athshlánúcháin (ní mór duit fianaise mhíochaine a chur chugainn ó do Liachleachtóir Ginearálta a luafaidh gur obair athshlánúcháin í roimh duit an obair seo a thosú),
- do bhaile cónaithe féin,
- aon íocaíocht ón Roinn Coimirce Sóisialaí,
- luach an chéad €20,000 de choigilteas nó de shócmhainní eile (féach leathanach 7 chun a thuilleadh eolais a fháil),
- cothabháil ó dheontas ardoideachais a íoctar duit, do dhuine fásta cáilithe nó do leanaí cáilithe i leith cúrsaí áirithe,
- ioncam ó oiliúint athshlánúcháin,
- Liúntas Cúraim Bhaile a íoctar d'aon leanaí cáilithe,
- Sochar Linbh, Liúntas Leasa Forlíontach nó liúntais a íocann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte do leanaí atá curtha faoi chúram altrama nó le gaolta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,
- Liúntas So-aistritheachta ón Roinn Sláinte, agus
- ioncam ó charthanais áirithe.

Tabhair faoi deara

Tá sé fíor-riachtanach go ndearbhóidh tú na sonraí iomlána de d'acmhainn féin agus d'acmhainn do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora nuair a dhéanfaidh tú iarratas ar phinsean. Thairis sin, má bhronntar pinsean ort, tá de cheangal dlí ort tuairisc ar aon mhéadú ar d'acmhainn a thabhairt don Roinn laistigh de thréimhse trí mhí. Má theipeann ort a leithéid a dhéanamh, is féidir go bhfaighidh tú ró-íocaíocht phinsin a mbeidh ort (nó ar d'Eastát tar éis do bháis) í a íoc ar ais.

5. Conas a mheasúnaítear caipiteal?

Is é atá i gceist le caipiteal ná coigilteas, infheistíochtaí, scaireanna, airgead ar láimh agus luach maoine (seachas do bhaile cónaithe féin). Agus d'acmhainn ó chaipiteal á háireamh, bainimid feidhm as foirmle ar leith chun d'acmhainn a ríomh:

Baintear feidhm as an bhfoirmle seo:

| Caipiteal: | Acmhainn sheachtainiúil a mheasúnaítear: |
|-------------------|---|
| An chéad €20,000 | Dada |
| €20,000- €30,000 | €1 sa €1,000 |
| €30,000- €40,000 | €2 sa €1,000 |
| Os cionn €40,000 | €4 sa €1,000 |

Sampla 1

Tá coigilteas €45,800 ag duine singil agus níl aon acmhainn eile aige/aici.

| | |
|---|------------------|
| Méid an choigiltis | €45,800 |
| Lúide an chéad €20,000 (neamhaird tugtha air) | - <u>€20,000</u> |
| | €25,800 |

Measúnaítear an t-iarmhéid €25,800 mar a leanas:

| | |
|--------------------------------------|--------|
| Measúnaítear €10,000 ag €1 sa €1,000 | €10.00 |
| Measúnaítear €10,000 ag €2 sa €1,000 | €20.00 |
| Measúnaítear € 5,000 ag €4 sa €1,000 | €20.00 |

Ní mheasúnaítear an t-iarmhéid €800 mar tá sé níos lú ná €1,000.

| | |
|---|---------|
| Acmhainn sheachtainiúil | €50.00 |
| Pinsean Seachtainiúil na nDall ag rátaí reatha: | €145.50 |

Sampla 2

Tá comhchoigilteas €100,800 ag lánúin agus níl aon acmhainn eile ag an lánúin sin.

| | |
|--|----------|
| Méid an chomhchoigiltis | €100,800 |
| Coigilteas inmheasúnaithe (leath an chomhchoigiltis) | €50,400 |

Measúnaítear é seo mar a leanas:

| | |
|---|------------------|
| Coigilteas inmheasúnaithe | €50,400 |
| Lúide an chéad €20,000 (neamhaird tugtha air) | - <u>€20,000</u> |
| | €30,400 |

Measúnaítear an t-iarmhéid €30,400 mar a leanas:

| | |
|--------------------------------------|--------|
| Measúnaítear €10,000 ag €1 sa €1,000 | €10.00 |
| Measúnaítear €10,000 ag €2 sa €1,000 | €20.00 |
| Measúnaítear €10,000 ag €4 sa €1,000 | €40.00 |

Ní mheasúnaítear an t-iarmhéid €400 mar tá sé níos lú ná €1,000
Acmhainn sheachtainiúil do gach duine €70.00

Pinsean Seachtainiúil na nDall (ag rátaí reatha)

| | |
|--|---------|
| Ráta Pearsanta | €125.50 |
| Méadú um Dhuine Fásta Cáilithe faoi bhun 66 bliana | €83.30 |
| lomlán | €208.80 |

Tabhair faoi deara

Má cháilíonn tú do Pinsean na nDall, socrófar an ráta íocaíochta a gheobhaidh tú ar leibhéal ar chóir go dtabharfadh sé caighdeán leordhóthanach maireachtála duit. Bheadh súil ag an Roinn go gcaithfeá do pinsean uile, nó an chuid ba mhó de, gach seachtain chun íoc as do ghnáthchostais laethúla maireachtála.

Más mian leat, áfach, cuid de do pinsean a choigilt, cuirfear tástáil acmhainne ar an gcoigilteas sin sa chaoi chéanna agus a dhéantar i gcás coigiltis ó aon fhoirse eile (mar shampla, ó thuilleamh, ó pinsean ceirde nó ó oidhreacht).

Ag brath ar mhéid an choigiltis a chnuasaíonn tú ó na foinsí go léir, d'fhéadfadh laghdú ar Pinsean na nDall (nó aistarraingt de) a bheith mar thoradh air.

6. Cé mhéid is féidir a fháil?

Tá an pinsean comhdhéanta de ráta pearsanta duit agus suimeanna breise um dhuine fásta cáilithe agus um leanbh/leanaí cáilithe. Gheobhaidh tú uasráta pearsanta Pinsean na nDall más í an acmhainn sheachtainiúil atá agat ná €7.60 nó níos lú ná sin.

Cé atá ina dhuine fásta cáilithe?

Is duine fásta cáilithe é do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir, i gcoitinne. Féadfaidh tú méadú sa pinsean a fháil ina leith fad is nach bhfaighidh sé/sí íocaíocht leasa shóisialaigh dá c(h)earth féin, ach amháin an Liúntas Cúramóra (mar a bhfuil feidhm ag socrúithe ar leith).

Céimnítear an Méadú um Dhuine Fásta Cáilithe de réir ráta pearsanta do phinsin féin.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

Má cháilíonn tú agus do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir do Phinsean na nDall, gheobhaidh ceachtar agaibh ráta pearsanta Phinsean na nDall.

Má cháilíonn tú do Phinsean na nDall agus má fhaigheann do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir íocaíocht leasa shóisialaigh eile, gheobhaidh ceachtar agaibh rátaí pearsanta na n-íocaíochtaí faoi seach. Beidh feidhm ag an rud céanna má tá do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir dall agus má fhaigheann tú íocaíocht leasa shóisialaigh eile.

Cé atá ina leanbh cáilithe?

Is leanbh cáilithe é aon leanbh atá suas le 18 mbliana d'aois, a chónaíonn leat de ghnáth agus atá á chothabháil agat, nó leanbh atá suas le 22 bhliain d'aois má tá sé/sí in oideachas lánaimseartha de ló.

Meastar freisin leanbh atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn sin agus a chónaíonn leat de ghnáth ina leanbh cáilithe de do chuid ar feadh na tréimhse 3 mhí tar éis dó/di an t-oideachas dara leibhéal a fhágáil nó Scrúdú na hArdteistiméireachta a dhéanamh.

Má cháilíonn tú do Mhéadú um Dhuine Fásta Cáilithe i leith do chéile, do pháirtneara sibhialta nó do chomhchónaitheora, gheobhaidh tú ráta **iomlán** an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe i leith do linbh/leanaí atá cáilithe.

Má fhaigheann do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir íocaíocht leasa sóisialaigh dá c(h)earth féin, gheobhaidh sé/sí leath an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe is iomchuí dá (h)íocaíocht agus gheobhaidh tú leath an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe ar do phinsean.

Ní féidir leat Méadú um Leanbh Cáilithe a fháil má fhaigheann an leanbh íocaíocht leasa sóisialaigh dá c(h)earth féin.

7. Cad iad na méaduithe eile a fhéadfar a fháil?

Is féidir go mbeidh tú i dteideal méadú seachtainiúil nó méaduithe seachtainiúla sa bhreis a fháil in éineacht le Pinsean bunúsach na nDall mar a leanas:

Méadú um Chónaí Aonair

Is féidir go mbeidh tú i dteideal an Mhéadaithe um Chónaí Aonair má chónaíonn tú leat féin an t-am ar fad nó an chuid is mó den am.

Liúntas Breosla

Is féidir go bhfaighidh tú Liúntas Breosla, ó Dheireadh Fómhair go hAibreán, faoi réir coinníollacha áirithe. Ar áireamh sna coinníollacha seo tá an coinníoll go gcónaíonn tú leat féin nó le daoine áirithe a shonraítear.

Liúntas Oileáin

Is féidir go bhfaighidh tú Liúntas Oileáin má chónaíonn tú ar oileán atá amach ó chósta Phoblacht na hÉireann, faoi réir coinníollacha áirithe.

Chun a thuilleadh eolais a fháil ar na méaduithe seo, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

8. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Is féidir Pinsean na nDall a íoc gach seachtain:

- i d'oifig áitiúil an phoist trí Chárta Seirbhísí Sóisialacha, **nó**
- trí íocaíocht dhíreach isteach i do chuntas reatha, taisce nó coigiltis in institiúid airgeadais.

9. Cad iad na sochair eile a fhéadfar a fháil?

Saorthaisteal

Má tá buanchónaí sa Stát ort, cáileoidh tú do Phas Saorthaistil.

Pacáiste na Sochar don Líon Tí

Is féidir, faoi réir coinníollacha áirithe, go gcáileoidh tú freisin do:

- Liúntas Leictreachais, Liúntas Gáis Nádúrtha nó Liúntas d’Athlán Gáis Bhuidéalaithe,
- Saorcheadúnas Teilifíse,
- Liúntas Gutháin i dtaca le líne thalún **nó** guthán soghluaiste.

Liúntas Cúramóra agus Sochar Cúramóra

Is féidir go bhfaighidh duine Liúntas Cúramóra nó Sochar Cúramóra chun aire a thabhairt duit má tá gá agat le cúram agus aire lánaimseartha.

Tabhair faoi deara

B’fhéidir go bhféadfaí Liúntas Cúramóra ar leathráta a fháil mar aon le Pinsean na nDall a fháil de do cheart féin nó dá mbeadh méadú um dhuine fásta cáilithe á fháil duit ag duine eile.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

10. Cá fhad a mhaireann an íocaíocht?

Féadfaidh tú Pinsean na nDall a fháil go dtí go sroichfidh tú 66 bliana d’aois agus ar feadh na tréimhse a chomhlíonfaidh tú na coinníollacha cáiliúcháin. Stadfaidh d’íocaíocht, áfach, má bhronntar Pinsean Easláine, Sochar Cúramóra, Pinsean Stáit (Eatramhach), Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Liúntas Réamhscoir, Liúntas Míchumais nó Cúnamh Feirme ort.

11. Cad a tharlaíonn má fhágtar nó má dhíoltar an baile cónaithe?

Má chónaíonn tú i lóistín nach n-oireann duit a thuilleadh, is féidir go mbeidh tú in ann do bhaile cónaithe a dhíol agus bogadh isteach i lóistín a oireann níos fearr duit, gan dul i bhfeidhm ar d'íocaíocht.

Má dhíolann tú do theach agus má bhogann tú chuig lóistín a oireann níos fearr duit, féadfar neamhaird a thabhairt ar na fáltais ó do theach a dhíol, **suas le €190,500**, agus d'acmhainn á measúnú i gcásanna áirithe.

Má chónaíonn tú in áitreabh atá scoilte idir limistéar gnó agus limistéar a úsáidtear i gcomhair lóistín, ní thabharfar neamhaird ach ar na fáltais ón gcuid den áitreabh a úsáidtear i gcomhair lóistín.

Níl feidhm ag an díolúine ach má dhíolann tú do bhaile cónaithe agus:

- má cheannaíonn tú lóistín eile,
- má thógann tú lóistín eile ar cíos, nó,
- má bhogann tú isteach i dteach altranais príobháideach atá cláraithe faoin Acht Sláinte (Tithe Banaltrais) 1990.

Cad a tharlaíonn má cheannaítear lóistín níos oiriúnaí?

Má cheannaíonn tú lóistín níos oiriúnaí, tabharfar neamhaird ar an iarmhéid tar éis duit an lóistín nua a cheannach, suas le teorainn €190,500.

Sampla 1

Má dhíolann tú do theach ar €165,000.00 agus má cheannaíonn tú lóistín nua ar €139,000.00, ní áireofar an iarmhéid €26,000.00 mar acmhainn mar tá sé faoi bhun na teorann neamhairde €190,500

Cad a tharlaíonn má bhogtar isteach i dteach altranais príobháideach?

Má dhíolann tú do bhaile cónaithe agus má bhogann tú isteach i dteach altranais príobháideach atá cláraithe faoin Acht Sláinte (Tithe Banaltrais) 1990, tabharfar neamhaird ar na fáiltais ó do theach a dhíol, suas le teorainn €190,500.

Sampla 2

Má dhíolann tú do theach ar €250,000.00 agus má bhogann tú isteach i dteach altranais príobháideach, ní áireofar €190,500 den €250,000.00 mar acmhainn mar tá sé faoi bhun na teorann neamhairde €190,500.

12. Cathain agus conas a dhéantar iarratas ar Phinsean na nDall?

Is cóir duit iarratas a dhéanamh 4 mhí roimh do 18ú breithlá. Má cháilíonn tú, íocfar an pinsean leat ón dáta a sroichfidh tú 18 mbliana d'aois.

Má éiríonn tú dall **tar éis** duit 18 mbliana d'aois a bhaint amach, is cóir duit iarratas a dhéanamh chomh luath agus a tharlaíonn an fhadhb. Má cháilíonn tú, ní fhéadfaidh tú d'íocaíocht a fháil ach ón dáta a bhfaightear d'iarratas.

Chun iarratas a dhéanamh: líon an fhoirm iarratais **BP 1** agus cuir í maille leis na teastais chearta (má tharla an bhreith, an pósadh, an pháirtneireacht sibhialta nó an t-aontas sibhialta lasmuigh de Phoblacht na hÉireann) agus na cáipéisí eile chuig:

Rannóg Pinsean na nDall

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Íosghlao: 1890 50 00 00 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

+ 353 71 9157100 (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch)

Mura bhfuil tú in ann an fhoirm iarratais a líonadh, is ceadmhach do dhuine eile í a líonadh ar do shon.

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh linn chun leagan braille agus téip chloschaiséid den leabhrán eolais seo agus den fhoirm iarratais **BP 1** a fháil. Chun a thuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil lenár Seirbhísí Eolais ag:

Seirbhísí Eolais

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Íosghlao: 1890 66 22 44 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

+ 353 71 9193313 (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch)

Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP)

Ní mór duit d’Uimhir PSP agus Uimhir PSP do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora a thabhairt. Ní mór duit freisin Uimhir/Uimhreacha PSP a thabhairt dúinn i dtaca le haon leanbh/leanaí a bhfuil sé de rún agat íocaíocht a éileamh ina leith. Mura bhfuil na huimhreacha seo ar eolas agat, déan teagmháil le d’Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil, le do thoil. Cuirfidh siad d’Uimhir/Uimhreacha PSP in iúl duit. Mura bhfuil ceann agat, inseoidh siad duit cad a bheidh ort a dhéanamh chun ceann a fháil. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Teastais atá le cur chugainn i dteannta d’iarratais

Agus iarratas á dhéanamh agat ar Phinsean na nDall, is féidir go gcaithfidh tú teastais mar iad seo a leanas a chur chugainn **má tharla an bhreith (na breitheanna), an pósadh, an pháirtnéireacht sibhialta nó an t-aontas sibhialta lasmuigh de Phoblacht na hÉireann:**

- do theastas breithe,
- teastas breithe do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora,
- do theastas pósta nó do theastas clárúcháin um páirtnéireacht sibhialta nó um aontas sibhialta,

- teastas breithe / teastais bhreithe do linbh/leanaí cáilithe. Tabhair faoi deara: Níl aon ghá le teastas breithe má tá Sochar Linbh á fháil agat cheana do na leanaí seo.

Ní ghlacaimid le fótachóipeanna teastas.

Mura bhfuil tú in ann teastas/teastais a fháil láithreach, is cóir duit d'fhoirm iarratais ar phinsean a chur isteach maille le nóta ina luafaidh tú go gcuirfidh tú an teastas nó na teastais chugainn a luaithe is féidir.

Más amhlaidh a bheidh teastais á gcur agat chugainn ar ball, cinntigh go luafaidh tú d'Uimhir PSP, le do thoil.

Tabhair faoi deara

Cuir litir ó scoil nó ó choláiste chugainn, le do thoil, má tá éileamh á dhéanamh agat i leith linbh cháilithe, atá idir 18 mbliana agus 22 bhliain d'aois agus atá in oideachas lánaimseartha.

13. An féidir aon íocaíocht leasa shóisialaigh eile a fháil in éineacht le Pinsean na nDall?

Má tá tú faoi bhun 66 bliana d'aois agus má chomhlíonann tú na coinníollacha cuí, is féidir go gcáileoidh tú freisin dóibh seo:

- Sochar Breoiteachta,
- Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta,
- Sochar Máithreachais,
- Sochar Uchtaíoch,
- Sochar Sláinte agus Sábháilteachta,
- Sochar Díobhála,
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach),
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach),
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, nó
- Liúntas Cúramóra*.

*Féach leathanach 17, le do thoil, chun sonraí breise a fháil.

Más rud é go bhfuil méadú iníoctha i dtaca le céile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir cáilithe agus/nó leanaí cáilithe ar Pinsean na nDall, tá méadú iníoctha chomh maith ar na scéimeanna a liostaítear thuas.

Tabhair faoi deara

Pinsean na nDall agus an Liúntas Cúramóra á bhfáil ag an am céanna.

Má fhaigheann tú íocaíochtaí áirithe (agus Pinsean na nDall san áireamh) ón Roinn seo agus má chomhlíonann tú na coinníollacha i gcomhair an Liúntais Chúramóra, is féidir go bhfaighidh tú an Liúntas Cúramóra ar leathráta mar aon le Pinsean na nDall.

Is ionann go cruinn na coinníollacha cáiliúcháin chun Liúntas Cúramóra ar leathráta a fháil agus na coinníollacha i gcomhair an Liúntais Chúramóra.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

14. An dtéitear i bhfeidhm ar an íocaíocht má théitear chun cónaí lasmuigh den Stát?

Ní íoctar Pinsean na nDall lasmuigh den Stát, de ghnáth. Má théann tú chun cónaí i dTuaisceart na hÉireann, áfach, agus má bhí Pinsean na nDall á fháil agat díreach sular bhog tú, is féidir go leanfar de do phinsean a íoc go ceann suas le 5 bliana nó go dtí go bhfaighidh tú a macasamhail d'íocaíocht ón údarás cuí san áit sin más túisce a tharlóidh sé sin.

Má tá tú ag fágáil an Stáit, is cóir duit é sin a chur in iúl don Roinn, agus **ní** don institiúid airgeadais ná d'oifig an phoist ina bhfaigheann tú d'íocaíocht. Nuair a fhillfidh tú chun cónaí anseo is cóir duit athiarratas a dhéanamh láithreach ar do phinsean. 17

15. An leanfar den íocaíocht tar éis bháis?

Bás pinsinéara

Má fhaigheann tú bás, leanfar de do phinsean a íoc le do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir go ceann 6 seachtaine.

Bás do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora

Má fhaigheann do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir bás, leanfar den íocaíocht ina leith go ceann 6 seachtaine má chuimsigh d'íocaíocht méadú ina leith (nó dá gcuimseodh d'íocaíocht méadú ina leith murach go bhfuair sé/sí íocaíocht leasa shóisialaigh eile dá c(h)eart féin).

Bás linbh cháilithe

Leanfar den íocaíocht do leanbh cáilithe go ceann 6 seachtaine tar éis bhás an linbh sin.

Deontas Méala

Is féidir go n-íocfar Deontas Méala má fhaigheann tú nó duine de do theaghlach bás. Bunaítear é seo ar thaifead árachais shóisialaigh an duine mhairbh nó ar thaifead árachais shóisialaigh chéile nó pháirtnéir sibhialta an duine mhairbh.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

16. Cad iad na tacaí fostaíochta nó oideachais a fhéadfar a fháil?

Tacaí Fostaíochta

Fostaíocht athshlánúcháin

Má oibríonn tú, is féidir leat neamhaird a thabhairt ar an gcéad €120 de do thuilleamh, nuair a bhíonn d'acmhainn sheachtainiúil á ríomh. Áireofar tuilleamh os cionn na teorann seo mar acmhainn. Baineann an neamhaird seo le hobair athshlánúcháin amháin. Más mian leat leas a bhaint as an neamhaird seo, is cóir duit fianaise mhíochaine a chur chugainn ó do Liachleachtóir Ginearálta, ina luaitear gur obair athshlánúcháin atá i gceist.

Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair (LFFO)

Má tá Pinsean na nDall á fháil agat le 12 mhí anuas ar a laghad agus más mian leat dul le féinfhostaíocht, is ceadmhach duit aistriú chuig an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair (LFFO). Ligfidh sé seo duit tacaíocht airgeadais a mhairfidh 2 bhliain a fháil. Má théann tú le féinfhostaíocht faoin LFFO, gheobhaidh tú gach pioc de Pinsean na nDall i gcomhair na chéad bhliana, agus 75% de sa dara bliain. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Mura bhfuil tú in ann leanúint den LFFO, cuirfead do theidlíocht ar Pinsean na nDall ar ais go huathoibríoch.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil, nó:

Seirbhísí Tacaíochta Fostaíochta

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Tithe an Rialtais

Lóiste na Sionainne

Cora Droma Rúisc

Contae Liatroma

Íosghlao: 1890 927 999 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

+ 353 71 9672616 (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch) 19

Tacaí oideachais

Clár um Fhilleadh ar Oideachas

Má fhaigheann tú Pinsean na nDall, is féidir leat staidéar breise a dhéanamh, gan dul i bhfeidhm ar d'íocaíochtaí agus do shochair.

Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas

Clúdaíonn an liúntas seo cúrsaí faofa dara agus tríú leibhéal.

Chun feidhm a bhaint as an rogha seo, ní mór duit a bheith:

- 18 mbliana d'aois nó os a chionn sin,
- ag fáil Phinsean na nDall le 6 mhí anuas ar a laghad, agus
- ag freastal ar chúrsa faofa lánaimseartha dara nó tríú leibhéal i scoil nó i gcoláiste aitheanta.

Gheobhaidh tú ráta uasta Phinsean na nDall faoin scéim agus coimeádfaidh tú cibé sochair thánaisteacha atá agat cheana, amhail an Saorthaisteal agus an Liúntas Breosla. Le linn duit bheith ar an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas, is féidir leat a bheith ag obair go páirtaimseartha nó i rith tréimhsí saoire, gan dul i bhfeidhm ar d'íocaíocht. Má fhaigheann tú an Forlíonadh Cíos nó Úis Mhorgáiste, áfach, rachaidh aon ioncam breise i bhfeidhm air seo.

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)

Tá an scéim seo á hoibriú trí Choistí Gairmoideachais áitiúla. Is féidir leis na cúrsaí a bheith ar siúl ar feadh suas le dhá bhliain agus is féidir cáilíochtaí mar an Teastas Sóisearach, an Ardteistiméireacht, an Iar-Ardteistiméireacht agus Teastais na Cathrach agus na gCeardchualachtaí (City and Guilds) a bheith mar thoradh orthu.

Ní íocann tú aon táille i leith an chúrsa agus faigheann tú na leabhair agus na hábhair saor in aisce.

Chun páirt a ghlacadh, ní mór duit a bheith:

- 21 bhliain d'aois nó os a chionn sin, agus
- ag fáil Phinsean na nDall le 6 mhí anuas ar a laghad.

Gheobhaidh tú ráta uasta Pinsean na nDall faoin scéim agus coimeádfaidh tú cibé sochair thánaisteacha atá agat cheana, amhail an Saorthaisteal agus an Liúntas Breosla.

Dá mbeadh Pinsean na nDall á fháil agat ar feadh 12 mhí ar a laghad díreach roimh duit an cúrsa SDOG a thosú, d'fhéadfá liúntas breise €32.60 a fháil in aghaidh na seachtaine.

Níl an SDOG faoi réir tástála acmhainne, mar sin is féidir leat obair a dhéanamh gan dul i bhfeidhm ar d'íocaíochtaí. Má fhaigheann tú an Forlíonadh Cíosa nó Úis Mhorgáiste, áfach, rachaidh aon ioncam breise i bhfeidhm air seo.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

17. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais ar **Pinsean na nDall** a fháil, déan teagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó le Rannóg Pinsean na nDall ag an seoladh ar leathanach 14.

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Glaoigh ar an Líne Eolais Íosghlaonna ag **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó **+353 71 91 93313** (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch).
- Buail isteach chuig d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó d'Ionad Faisnéise do Shaoránaigh.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).

Leabhráin áisiúla eile

| | |
|---|--------------|
| Clár um Fhilleadh ar Oideachas | SW70 |
| Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil | SW75 |
| Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair | SW92 |
| Liúntas Cúramóra | SW41 |
| Sochar Cúramóra | SW49 |
| Saorthaisteal | SW40 |
| Pacáiste na Sochar don Líon Tí | SW107 |
| Méadú um Chónaí Aonair | SW36 |
| Scéim Náisiúnta Bhreosla | SW17 |
| Leabhrán ar Rátaí Íocaíochta | SW19 |
| Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh | SW56 |
| Liúntas Leasa Forlíontach | SW54 |

Faisnéis do Shaoránaigh

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an comhlacht reachtúil a thacaíonn le soláthar faisnéise, comhairle agus abhcóideachta don phobal maidir leis an raon fairsing seirbhísí sóisialta agus sibhialta. Cuireann sé an láithreán gréasáin Faisnéise do Shaoránaigh ar fáil agus tacaíonn sé leis an líonra deonach de Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus leis an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh.

www.citizensinformation.ie

Íosghlao 1890 777 121 (Luan - Aoine, 9rn - 9in)

Ionaid Áitiúla (féach in Eolaire Teileafóin na Leathanach Búí)

Tá Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil ó bhreis is 250 láthair ar fud na tíre. Foilsítear sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte an Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit in Eolaire Teileafóin na Leathanach Búí.